Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12658/25**
**ADD 1**

**ENV 817**
**MI 637**
**DELACT 127**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5961 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i gcruach, in alúmanam agus i gcopar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5961 final - Annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 5961 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2025
C(2025) 5961 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i gcruach, in alúmanam agus i gcopar**

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 6(a), 6(a)-I, 6(b), 6(b)-I, 6(b)-II agus 6(c):

| | | |
|---|---|---|
| ‘6(a) | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i gcruach chun críoch meaisínithe agus i gcruach ghalbhánaithe ina bhfuil suas le 0,35 % luaidhe de réir meáchain | Rachaidh sé in éag an [Oifig na bhFoilseachán: 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach Tarmligthe]. |
| 6(a)-I | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i gcruach chun críoch meaisínithe ina bhfuil suas le 0,35 % luaidhe de réir meáchain* | Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027 le haghaidh gach catagóire. |
| 6(a)-II | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i mbaisc-chomhpháirteanna cruach ghalbhánaithe theothumtha bhaisce ina bhfuil suas le 0,2 % luaidhe de réir meáchain* | Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027 le haghaidh gach catagóire. |
| 6(b) | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe in alúmanam ina bhfuil suas le 0,4 % luaidhe de réir meáchain | Rachaidh sé in éag an [Oifig na bhFoilseachán: 18 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach Tarmligthe]. |
| 6(b)-I | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe in alúmanam ina bhfuil suas le 0,4 % luaidhe de réir meáchain, ar choinníoll go n-eascraíonn sí as athchúrsáil fuíoll alúmanaim ina bhfuil luaidhe* | Rachaidh sé in éag an [Oifig na bhFoilseachán: 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach Tarmligthe] le haghaidh chatagóirí 1-7, 10.<br><br>Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027 le haghaidh chatagóirí 9 d’ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha, agus 11. |
| 6(b)-II | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe in alúmanam chun críoch meaisínithe ina bhfuil cion luaidhe suas | Rachaidh sé in éag an [Oifig na bhFoilseachán: 18 mhí |

GA



GA

| | | |
|---|---|---|
| | le 0,4 % de réir meáchain* | tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach Tarmligthe] le haghaidh chatagóirí 1-7, 10.<br><br>Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027 le haghaidh chatagóirí 9 d'ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha agus 11.* |
| 6(b)-III | Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i gcóimhiotail teilgin alúmanaim ina bhfuil suas le 0,3 % luaidhe de réir meáchain ar choinníoll go n-eascraíonn sí as athchúrsáil fuíll alúmanaim ina bhfuil luaidhe* | Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027 le haghaidh chatagóirí 1-8, 9 seachas ionstraimí faireacháin agus rialaithe tionsclaíocha, agus 10. |
| 6(c) | Cóimhiotal copair ina bhfuil suas le 4 % luaidhe de réir meáchain* | Rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2027.' |

'* Ní chumhdófar leis an díolúine TLL atá le soláthar don phobal i gcoitinne i gcás ina bhféadfaidh leanaí an TLL nó cuid inrochtana de a chur sa bhéal, faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide intuartha. Beidh feidhm ag an díolúine, áfach, i gcás inar féidir an dá rud seo a leanas a léiriú:

nach mó ná 0,05 µg/cm2 in aghaidh na huaire an ráta scaoilte luaidhe ó TLL den sórt sin nó ó aon pháirt inrochtana, bíodh sí brataithe nó neamhbhrataithe (coibhéiseach le 0,05 µg/g/h),

i gcás earraí brataithe, gur leor an bratú chun a áirithiú nach sárófar an ráta scaoilte sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad de ghnáthdhálaí úsáide an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh nó de dhálaí úsáide atá measartha intuartha.

Chun críoch an fhonóta seo, meastar go bhféadfaidh leanaí TLL nó cuid inrochtana de TLL a chur sa bhéal má tá sé níos lú ná 5 cm in aon toise amháin nó má tá cuid inbhainte nó ag gobadh amach den mhéid sin aige.'